CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 180/23**

**Lucsamburg, 23 Samhain 2023**

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-351/22 | Neves 77 Solutions

# Abhcóide Ginearálta Ćapeta: Níl dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar fhorálacha ginearálta de bheart de chuid Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais d'fhonn a mbrí a shoiléiriú, agus chuige sin amháin

*Mar sin féin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar chearta bunúsacha agus ar phrionsabail bhunúsacha an Aontais ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na mbeart náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais*

Is cuideachta é Neves 77 Solutions atá gníomhach i mbróicéireacht maidir le táirgí i réimse na heitlíochta a dhíol. In 2020, ghearr Gníomhaireacht Náisiúnta um Riarachán Cánach na Rómáine fíneáil de thuairim is € 6 000 ar Neves agus rinne sí tuairim is € 3 mhilliún a choigistiú, arb ionann é agus na suimeanna a fuair Neves ó idirbheart bróicéireachta a bhain le gléasanna raidió a monaraíodh sa Rúis a sholáthar do chuideachta Indiach. Mheas an Ghníomhaireacht gur sháraigh Neves bearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise a tugadh isteach le Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) [1], chomh maith le bearta cur chun feidhme na Rómáine.

Fiafraíonn an chúirt achomhairc de chuid na Rómáine, agus breith a dhéanamh aici maidir leis an gcaingean a thug Neves, an bhfuil na bearta cur chun feidhme náisiúnta contrártha do dhlí an Aontais agus go háirithe do na cearta atá i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá amhras chomh maith ar an gcúirt sin an bhfuil feidhm ag an gCinneadh CBES lena mbaineann maidir le cás nár allmhairíodh na hearraí isteach san Aontas riamh. Mar sin, chuir sí iarraidh ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

In éineacht leis na cásanna uamtha C- 29/22 P agus C-44/22 P, *KS agus KD* v *an Chomhairle agus páirtithe eile*, cásanna ina bhfuil Tuairim tugtha ag an Abhcóide Ginearálta Ćapeta inniu freisin (Preaseisiúint Uimh. 179/23), ardaítear leis an gcás seo ceisteanna tábhachtacha maidir le teorainneacha dhlínse Chúirteanna an Aontais a leagtar síos leis na Conarthaí i réimse CBES.

**Ina Tuairim, is é conclúid an Abhcóide Ghinearálta Tamara Ćapeta ná go bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar chearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais, fiú má tá léiriú na Cúirte Breithiúnais ábhartha don mheasúnú a dhéanann cúirt náisiúnta ar dhlíthiúlacht na mbeart náisiúnta lena gcuirtear CBES chun feidhme. Mar sin féin, eisiatar le dlí an Aontais dlínse na Cúirte Breithiúnais léiriú a dhéanamh ar fhorálacha ginearálta Chinneadh CBES ar mhaithe le brí na bhforálacha a shoiléiriú.**

Ar an mbonn sin, déanann an tAbhcóide Ginearálta scrúdú ar na bearta coigistíochta náisiúnta i bhfianaise an chirt chun maoine. Measann sí gurb **ionann bearta náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le fáltais iomlán idirbhirt a rinneadh de shárú ar chinneadh CBES agus teorannú comhréireach ar an gceart chun maoine.** Is amhlaidh atá an cás fiú más iarmhairt uathoibríoch é an coigistiú ar mhainneachtain maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis

inniúla faoin idirbheart.

**NÓTA:** Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais, go hiomlán neamhspleách, ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús lena bpléití sa chás seo anois. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt náisiúnta nó faoin mbinse náisiúnta atá sé an cás a dhiúscairt i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais, atá ina cheangal ar an gcaoi chéanna ar chúirteanna nó ar bhinsí náisiúnta eile ar ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.
Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.